

## Easpa céimithe le Gaeilge

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin gcáineadh atá á dhéanamh ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar deirtear nach bhfuil go leor cúrsaí trí mheán na Gaeilge á gcur ar fáil acu.

Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat plé a dhéanamh ar na tuairimí atá agaibh faoi na cúrsaí tríú leibhéal atá ar fáil trí Ghaeilge?

**Ceist 2** An féidir leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis?

1. ag teip ar	a) <i>denied</i>
2. a chomhlíonadh	b) <i>specialised optional courses</i>
3. séanta	c) <i>who would like</i>
4. líomhaintí	d) <i>a defective educational system</i>
5. córas lochtach oideachais	e) <i>failing</i>
6. cáilíocht oifigiúil	f) <i>great attention</i>
7. inniúil	g) <i>fulfil</i>
8. aird mhór	h) <i>language requirement</i>
9. riachtanas teanga	i) <i>an official qualification</i>
10. sainchúrsaí roghnacha	j) <i>allegations</i>
11. ar mhian leo	k) <i>competent</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

**Ceist 3 (A)** Féach ar an tuairisc den dara huair agus breac síos na focail faoi cheist 2 arís ach faoi ainm na gcainteoirí a dúirt iad.

**Eimear Ní Chonaola**

**Shane Ó Curraighín**

**Éamon Ó Cuív**

**Ceist 3 (B)** Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cén fáth a ndeir Éamon Ó Cuív nach bhfuil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí ó thaobh na Gaeilge de?
2. Deir an Ollscoil go bhfuil clár speisialta Gaeilge acu i gceithre ábhar faoi leith. Cad iad?
3. Cén fáth a bhfuil aird mhór ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ó bhí roimh an Nollaig ann?

**Ceist 4** An bhfuil na gairmeacha beatha seo thíos ar eolas agat? Cuir in ord deacrachta iad, trí uimhir a haon a chur leis an bpost is deacra i do thuairim féin agus mar sin ar aghaidh. Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

- altra
- cnáimhseach
- dochtúir ginearálta
- máinlia
- síceolaí
- síciatraí
- teiripeoir saothair
- teiripeoir urlabhra

**Ceist 5** ‘...Ollscoil na hÉireann...’

Cuir na focail atá idir lúibíní sa tuiséal ginideach, uimhir uatha. Éist leis an mír ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

Iar-Aire (an Ghaeltacht)	_____
pobal (an Ghaeilge)	_____
ag cur (an milleán)	_____
post (an tUachtarán)	_____
Scoil (an Leigheas)	_____
Coláiste (an Eolaíocht)	_____

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil go leor seirbhísí trí mheán na Gaeilge ar fáil sa tír, dar leat?
2. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh a leithéid de sheirbhísí ar fáil, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

### Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
e	g	a	j	d	i	k	f	h	b	c

### Ceist 3 (A)

#### Eimear Ní Chonaola

ag teip ar  
ag comhlíonadh  
séanta

#### Shane Ó Curraighín

séanta  
líomhaintí  
córas lochtach oideachais  
aird mhór  
riachtanas teanga  
sainchúrsaí roghnacha  
ar mhian leo

#### Éamon Ó Cuív

cáilíocht oifigiúil  
inniúil

### Ceist 3 (B)

Féach an script.

### Ceist 4

altra – *nurse*  
cnáimhseach – *midwife*  
dochtúir ginearálta – *GP*  
máinlia – *surgeon*  
síceolaí – *psychologist*  
síciatraí – *psychiatrist*  
teiripeoir saothair – *occupational therapist*  
teiripeoir urlabhra – *speech therapist*

### Ceist 5

Iar-Aire (an Ghaeltacht)  
pobal (an Ghaeilge)  
ag cur (an milleán)  
post (an tUachtarán)  
Scoil (an Leigheas)  
Coláiste (an Eolaíocht)

Iar-Aire na Gaeltachta  
pobal na Gaeilge  
ag cur an mhilleáin  
post an Uachtaráin  
Scoil an Leighis  
Coláiste na hEolaíochta

### Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Deir Iar-Aire na Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, go bhfuil ag teip ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a bhfreagrachtaí faoin Straitéis 20 bliain don Ghaeilge a chomhlíonadh mar nach bhfuil dóthain céimithe le Gaeilge ann sna réimsí sláinte agus leighis. Tá sé seo séanta go láidir ag an Ollscoil, a deir go bhfuil clár speisialta Gaeilge acu do mhic léinn sa dlí, altranas, leigheas agus eolaíocht.

### Shane Ó Curraighín

Tá sé curtha i leith Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag Iar-Aire Stáit na Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, nach bhfuil go leor daoine le Gaeilge á gcáiliú<sup>1</sup> san ollscoil i ngairmeacha sláinte, leighis agus oideachais, le freastal a dhéanamh ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá na líomhaintí seo séanta go láidir ag an Ollscoil. Deir an Teachta Ó Cuív go bhfuil pobal Gaeltachta ann atá ag brath ar dhochtúirí agus ar oibrithe leighis nach bhfuil Gaeilge acu mar gheall ar chóras lochtach oideachais. Tá an locht á leagan ag an Teachta Ó Cuív ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Deir sé nach bhfuil ag éirí leo anseo ó thaobh phobal na Gaeilge.

### Éamon Ó Cuív, Teachta Dála, Iar-Aire na Gaeltachta

Is dócha go ndeachaigh rudaí ar gcúl go mór, go mór mór le seacht nó ocht de bhlianta anuas. Beidh daoine ag cur an mhilleáin ar an altra. Ní aontaím leis sin. Tá caint ó dhuine<sup>2</sup> éigin<sup>3</sup> go raibh dóthain daoine le Gaeilge a dhéanfadh cúrsaí agus a dhéanfadh urlabhra cainte<sup>4</sup>, OTs<sup>5</sup>, dochtúirí teaghlaigh go mór mór, na rudaí sin ar fad...ar altraí... go mbeadh cáilíocht oifigiúil ann a déarfadh go raibh tú inniúil ar do chuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Is níor cheart go gcuirí é seo ar an méar fhada, go mór mór nuair a bhí trácht ar na rudaí seo ar fad sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge a foilsíodh sa mbliain<sup>6</sup> 2010.

### Shane Ó Curraighín

Tá aird mhór ar fhreagrachtaí na hOllscoile i dtaobh na Gaeilge ó chuir sí deireadh leis an riachtanas teanga do phost an Uachtaráin roimh an Nollaig. Dúirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, le Nuacht TG4 tráthnóna go bhfuil módúil agus sainchúrsaí roghnacha sa Ghaeilge á gcur<sup>7</sup> ar fáil acu do mhic léinn ar mhian leo oibriú go gairmiúil trí mheán na Gaeilge. Tá cúigear mac léinn is fiche<sup>8</sup> i Scoil an Altranais<sup>9</sup>, i Scoil an Leighis agus i gColáiste na hEolaíochta ag tabhairt faoi na sainchúrsaí teanga le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Tá na sainchúrsaí seo á reáchtáil idir campas na hOllscoile i nGaillimh agus i gclinicí i gConamara.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4 i nGaillimh.

---

<sup>1</sup> á cháiliú a deirtear

<sup>2</sup> ar duine a deirtear

<sup>3</sup> éigin an leagan caighdeánach

<sup>4</sup> teiripeoirí urlabhra agus teanga atá i gceist

<sup>5</sup> teiripeoirí saothair atá i gceist

<sup>6</sup> Córas Chonnacht

<sup>7</sup> á chur a deirtear

<sup>8</sup> cúig mhac léinn is fiche an leagan caighdeánach

<sup>9</sup> scoil na haltrachta a deirtear